




# Someone Like Me

ART COMPETITION

Buaigh duaiseanna iontacha os cionn **€1,000** do scoil!

Bronnfar duaiseanna ar:

- \* Buaiteoir Sóisearach amháin **in aghaidh an Chontae**
  - \* Buaiteoir Sinsearach amháin **in aghaidh an Chontae**
  - \* Buaiteoir Sinsearach Náisiúnta Iomlán amháin
  - \* Buaiteoir Náisiúnta Sóisearach Iomlán amháin
- 


An raibh a fhios agat go roghnófar

**BEIRT BHUAITEOIRÍ**

in aghaidh an chontae?

**SPRIOC DHÁTA**  
d'iontrálacha:

**15ú Samhain**  
**2024**



Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin [www.SomeoneLikeMeCompetition.ie](http://www.SomeoneLikeMeCompetition.ie) chun tuilleadh eolais a fhail, pleananna ceachta gníomhaíochtaí breise agus Cúinne na dTuismitheoirí nua

## **Comórtas d'iontrálacha Luatha!**

Seol d'iontrálacha chugainn faoin 25ú Deireadh Fómhair 2024 le seans a bheith agat Hamper lán de Sholáthairtí Ealaíne iontacha a bhuachan do do rang!

Déan d'iontrálacha a roinnt ar líne le #SomeoneLikeMe chun seans breise duais a bhaint!

# Plean Ceachta Sóisearach

## Naíonáin Shóisearacha go Rang 2

### An féidir leat?

Iarr ar na daltaí ceisteanna 'An Féidir Leat?' a chur. Mar shampla, 'an féidir leat dul ag rothaíocht ar rothar?', 'an féidir leat snámh?'. I ndiaidh do gach dalta ceist a chur, déanann an múinteoir nasc idir na ceisteanna seo agus daoine a bhfuil míchumais acu ag cur ceisteanna ar na daltaí ar nós 'an féidir le duine dall snámh?', 'an féidir le húsáideoir cathaoir rothaí dul ar rothar?'

Nasc an cluiche leo siúd atá faoi mhíchumas dofheicthe agus intleachta, mar shampla cuir ceist ar dhaltaí an féidir le duine ar a bhfuil uathachas snámh. Bain úsáid as bileog fíricí an mhúinteora maidir le daoine faoi mhíchumas, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin chun na míchumais seo a mhíniú don rang

### Plé Ranga

Ina mbeirteanna cuireann páiste amháin púicín air agus bíonn ar a p(h)áirtí cuidiú leo tasc simplí a dhéanamh. Mar an gcéanna is féidir le beirteanna eile triail a bhaint as duine amháin ag caitheamh cosantóirí cluaise agus tugann duine amháin treoir i gcogar. Is féidir le beirteanna eile triail a bhaint as páirtí amháin nach bhfuil in ann bogadh thart nó gan a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh

Conas a mhothaigh tú mar an duine nach raibh in ann rudaí a fheiceáil/a chloisteáil/nó fiú labhairt? Conas a mhothaigh tú mar chomhpháirtí?

### Smaointe don Phríomhchuid de do Cheacht:

- \* Seasann an múinteoir ag an gclár ag cruthú dhá liosta: míchumais infheicthe agus míchumais dhofheicthe agus fiafraíonn sé de na daltaí cad iad na míchumais a d'fhéadfadh a bheith faoi gach ceannteideal. Fiafraigh de na daltaí faoin dóigh a bhféadfaimis a bheith níos cuimsithí maidir le daoine faoi mhíchumas?
- \* Mínigh go bhféadfaí Seomraí Céadfach nó Spásanna Socair a úsáid le cuidiú le páistí áirithe. Pléigh iad seo má tá siad agat sa seomra ranga. Ceistigh na páistí faoin dóigh agus faoin bhfáth a bhféadfaí iad a úsáid. Fiafraigh díobh na nithe ba mhaith leo a bheith ina seomra céadfach
- \* Gach cineál duine!
  - \* An bhfuil aithne agat ar aon duine atá an- ard?
  - \* An bhfuil aithne agat ar aon duine atá an-bheag?
  - \* An bhfuil aithne agat ar dhuine atá in ann canadh?
  - \* An bhfuil aithne agat ar dhuine nach bhfuil in ann canadh?
  - \* An bhfuil aithne agat ar aon duine atá in ann siúl?
  - \* An bhfuil aithne agat ar aon duine nach bhfuil in ann siúl?
  - \* An bhfuil aithne agat ar aon duine nach bhfuil radharc na súl go han-mhaith aige nó aici?
  - \* Cad is furasta duit a fhoghlaim?
  - \* Cad a thógann tamall fada ort le foghlaim?
  - \* Féach, táimid go léir difriúil. Níl beirt ar bith mar an gcéanna, díreach mar is féidir go mbeidh tú in ann rothar a úsáid agus nach bhfuil duine eile in ann sin a dhéanamh. Tá rudaí againn go léir b'fhéidir nach mbeimid in ann a dhéanamh. Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de na rudaí is féidir leo nó nach féidir leo a dhéanamh

### Cuspóirí:

- \* Cosúlachtaí agus difríochtaí i ndaoine a thuiscint agus meas a léiriú orthu
- \* Tuiscint na ndaltaí a fhorbairt ar mhíchumas sofheicthe, dofheicthe agus intleachta

### Naisc Churaclaim:

- OSPS** – Mise agus daoine eile/Mise agus an domhan mór
- Na hAmharcealaíona** – Na snáithaonaid go léir
- Litearthacht** – Forbairt teanga ó bhéal
- Drámaíocht** – Drámaíocht a fhiosrú agus a chruth

### Bí Cruthaitheach!

I ndiaidh dóibh dul i ngleic leis an bplean ceachta seo agus leis an mbileog gníomhaíochta a théann leis, mínigh do na daltaí go bhfuil siad anois chun píosa ealaíne a chruthú bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu. Is féidir an teideal **#SomeoneLikeMe** a thabhairt air seo. Is féidir le hiontrálacha a bheith ina n-iontrálacha aonair, i ngrúpaí nó ina rang iomlán.

**Roghnaigh:** Le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí féach [www.someonelikemecompetition.ie](http://www.someonelikemecompetition.ie)

- \* Iarr ar na daltaí emoji nó pictiúr dhá shúil mhóra a tharraingt. Ar na súile sin, is féidir le daltaí íomhá bhuan a tharraingt atá acu ón gceacht. Is féidir taispeántas a chruthú agus gníomhaíocht scríbhneoireacht chruthaitheach a leanúint dar teideal 'Feicim Tú', áit a ndéanann na páistí líníocht agus scríobhann siad faoi mhíchumais a d'fhéadfadh a bheith ag daoine, ceann sofheicthe agus ceann dofheicthe.

Is féidir leat an teachtaireacht **#SomeoneLikeMe** a roinnt trí thaispeántas scoile, trí thaispeántas ealaíne a réachtáil, nó ar shuíomh Gréasáin do scoile! Déan do phróiseas cruthaitheach a roinnt linn trí úsáid a bhaint as **#SomeoneLikeMe** ar Instagram agus Facebook!

[f @someonelikemecompetition](https://www.facebook.com/someonelikemecompetition) [@someonelikeme\\_art](https://www.instagram.com/someonelikeme_art)

### Le hiontráil a dhéanamh:

Seol isteach d'iontráil agus d'fhoirm iontrála chomhlánaithe chuig **#SomeoneLikeMe, 94 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 XN82** nó seol ríomhphost chuig [someonelikeme@realnation.ie](mailto:someonelikeme@realnation.ie)

